# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí, samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile, etc.

## Roinn 1

## Ceadaigh 20 Ceist @ 3 mharc an ceann = 60 marc

1. 3 @ 1 mharc an ceann
   **B** = Comhdhlúthú, **C** = Frasaíocht, **A** = Galú

2. 3 @ 1 mharc an ceann
   (i) Gaotha teo (ii) Gar dá chéile (iii) Aniar aneas.

3. 3 @ 1 mharc an ceann
   Mianadóir, Feirmeoir, Oibrí Foraoise

4. 3 @ 1 mharc an ceann
   (i) Feacht Labrador (ii) Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh (iii) Fuar

5. 3 @ 1 mharc an ceann
   (i) Dífhoraoisiú (ii) Méadaíonn sé (iii) Méadaíonn sé

6. 3 @ 1 mharc an ceann
   Ré na Luath-Chríostaíochta = **C**, Ré na Normannach = **A**, Ré na gCeilteach = **B**

7. 1 @ 3 mharc
   2, 3, 5

8A. 1 @ 3 mharc
Táimhe thionsclaíoch

**NÓ**

8B. 1 @ 3 mharc
Domhanleithead

9A. 3 @ 1 mharc

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 3 |
| B | **4** |
| C | 1 |
| D | 2 |

**NÓ**

9B. 3 @ 1 mharc

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | **2** |
| B | 4 |
| C | 1 |
| D | 3 |

10A. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Bréagach (ii) Fíor (iii) Fíor

**NÓ**

10B. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Fíor (ii) Bréagach (iii) Bréagach

11. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Portaigh Ardaithe (ii) Díogaire (iii) Muilleoir

12. 1 @ 3 mharc
Baint an fhómhair, treabhadh, síolchur

13. 3 @ 1 mharc an ceann
**A** = Teach sraithe, **B** = Teach leathscoite, **C** = Teach scoite

14. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Bhruth-charraigeacha (ii) Go mear (iii) Mhóra

15. 1 @ 3 mharc
Éiríonn Abhainn na Réine san Eilvéis agus buaileann sí leis an bhfarraige san Ísiltír.

16. 1 @ 3 mharc
Fána dhronnach

17. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) 8.6 (ii) Tír C (iii) 26.2

18. 3 @ 1 mharc

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 3 |
| B | **4** |
| C | 2 |
| D | 1 |

19. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Chónaitheach (ii) Sa lár (iii) Séipéal

20. 1 @ 3 mharc
18 $km^2$

## Roinn 2

## Ceadaigh Trí Cheist @30 marc an ceann

**Ceist 1. DROMCHLA AN DOMHAIN**

**1A. Teicteonaic Phlátaí**

(i) Cuir in iúl cé acu a dhéantar gach ceann de na gnéithe a leanas a fhoirmiú de thoradh plátaí ag imbhualadh lena chéile nó plátaí ag scaradh óna chéile:

(a) Droim Lár-Aigéin
(b) Bolcán
(c) Fillsliabh

**Trí cinn ainmnithe @ 1m an ceann**

Droim Lár-Aigéin = plátaí ag scaradh óna chéile
Bolcán = plátaí ag scaradh óna chéile/plátaí ag imbhualadh lena chéile
Fillsliabh = plátaí ag imbhualadh lena chéile

(ii) Mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a foirmíodh **aon cheann amháin** de na gnéithe atá liostaithe i bpáirt (i) thuas.

**Léaráid @ 2m**
**Míniú ar Fhoirmiú @ 7m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Iomlán = 12m**

**1B. Aibhneacha**

Ainmnigh gné amháin a fhoirmítear de bharr sil-leagan abhann agus mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a fhoirmítear í.

**Gné ainmnithe @ 1m**
**Léaráid @ 2m**
**Míniú ar Fhoirmiú @ 7m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Is féidir marc forbartha amháin a bhronnadh as faisnéis bhreise atá tugtha ar léaráid agus nach bhfuil sa fhreagra scríofa.**
**Is gá marc forbartha amháin a bhronnadh as próiseas.**

D’fhéadfadh tuilemhá, leibhé, deilt, lúb, lúbloch etc a bheith i gceist leis na gnéithe. Maidir le lúb/lúbloch etc. ná glac ach leis an ngné sil-leagain.

**Iomlán = 10m**

**1C. Aibhneacha agus Gníomhaíocht an Duine**

(i) Mínigh bealach **amháin** a bhféadfadh daoine úsáid eacnamaíoch a bhaint as aibhneacha.

**Míniú Amháin @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

Cuardaigh tagairt d'earraí troma toirtiúla a iompar, cumhacht hidrileictreach a ghiniúint, uisciú etc.

(ii) Mínigh bealach **amháin** a dtruaillíonn daoine aibhneacha.

**Míniú Amháin @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

Cuardaigh tagairtí do sciodar ó pháirceanna, ceimiceáin ó mhonarchana a dhoirtear in aibhneacha etc.

**Iomlán = 8m**

**Ceist 2. AIMSIR AGUS AERÁID**

**2A. Ionstraimí Aimsire**

(i) Ainmnigh gach ceann de na hionstraimí aimsire atá lipéadaithe **A, B, C** agus **D** thuas.

**Ceithre Ionstraimigh Ainmnithe @ 1m an ceann**
A = Méadar báistí
B = Griantaifeadán Campbell Stokes
C = Eite ghaoithe/aimsire
D = Ainéimiméadar

(ii) Roghnaigh **dhá cheann** ar bith de na hionstraimí a thaispeántar thuas agus déan cur síos ar conas a úsáidtear iad chun an aimsir a thaifeadadh.

**Dhá Chur Síos @ 3m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Iomlán = 10m**

**2B. Fliuchras**

Déan cur síos, le cabhair léaráid lipéadaithe, ar conas a tharlaíonn **fliuchras fronta**.

**Léaráid @ 2m**
**Cur síos @ 6m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Is féidir marc forbartha amháin a bhronnadh as faisnéis bhreise atá tugtha ar léaráid agus nach bhfuil sa fhreagra scríofa.**

Cuardaigh tagairt d'aermhaiseanna ag teacht le chéile ag frontaí, aer te ag éirí, aer ag fuarú agus ag comhdhlúthú etc.

**Iomlán = 8m**

**2C.** **Cineál aeráide**

(i) Ainmnigh cineál **amháin** aeráide a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Cineál aeráide ainmnithe @ 1m** Bóireach, Fásach Te, Meánchiorclach etc.

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar shaintréithe teochta **agus** frasaíochta na haeráide a d'ainmnigh tú i bpáirt (i) thuas.

**Saintréithe teochta @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
**Saintréithe frasaíochta @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Má bhíonn cuid (i) neamhbhailí ná bronn ach marcanna Ráitis i gcuid (ii).**

(iii) Déan cur síos ar bhealach **amháin** ar oiriúnaíodh an fásra nádúrtha don aeráid seo.

**Cur Síos Amháin @ 3m (Ráiteas 2 + Forbairt 1)**

**Má bhíonn cuid (i) neamhbhailí ná bronn ach marcanna Ráitis i gcuid (iii).**

**Iomlán = 12m**

**Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A, 3B, 3C, 3D.**

**3A. Dlús Daonra**

(i) Mínigh cad a chiallaíonn an téarma *dlús daonra.*

**Sainmhíniú @ 1m** Meánlíon daoine in aghaidh an ciliméadair chearnaigh.

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air agus a bhfuil dlús daonra íseal ann.

**Réigiún ainmnithe @ 1m** Mailí/Iarthar na hÉireann/Réigiún bailí ar bith

(iii) Mínigh **dhá** iarmhairt a bhíonn ag dlús daonra íseal ar réigiún.

**Dhá Mhíniú @ 4m an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

Cuardaigh tagairt do rátaí ísle pósta, rátaí ísle breithe, tréigeadh na talún talmhaíochta, aonrú polaitiúil agus eacnamaíoch etc.

**Iomlán = 10m**

**3B. Fairsingiú Fásaigh**

(i) Ainmnigh an limistéar ar a bhfuil dath oráiste agus atá marcáilte **A** go **B** ar an léarscáil thuas.

**Ceantar ainmnithe @ 2m** An tSaiheil

(ii) Mínigh cúis dhaonna **amháin** atá le fairsingiú fásaigh.

**Míniú Amháin @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

Cuardaigh tagairt do dhífhoraoisiú de bharr fás daonra, róshaothrú talún, ró-innilt etc.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** shlí a bhféadfaí teorainn a chur le leathadh fásach i réigiún.

**Dhá Chur Síos @ 2m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

Cuardaigh tagairt do bharra atá frithsheasmhach in aghaidh triomaigh, scéimeanna uisciúcháin, foraoisiú etc.

**Iomlán = 10m**

**3C.** **TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH**

Bíonn criosanna feidhme difriúla i gcathracha, lena n-áirítear:

- An Lárcheantar Gnó (Cuardaigh tagairt do thráchtáil, airgeadas etc.)
- Cónaitheach (Cuardaigh tagairt do thalamh níos saoire, seirbhísí etc.)
- Tionsclaíoch (Cuardaigh tagairt d'iompar, amhábhair etc.)
- Siopadóireacht (Cuardaigh tagairt d'inrochtaine, spás etc.)
- Spás oscailte. (Cuardaigh tagairt do spás, siúlóidí, caitheamh aimsire etc.)

Roghnaigh **trí cinn** ar bith de na criosanna feidhme atá ainmnithe thuas agus i gcás **gach** ceann díobh mínigh cén fáth a bhfuil sé lonnaithe mar a bhfuil sé, i gcathair a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**Cathair ainmnithe @ 1m** Cathair bhailí ar bith

**Trí Mhíniú @ 3m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Marcanna ráitis amháin murar ainmníodh cathair.**

**Iomlán = 10m**

**3D.** **Ithir**

(i) Déan cur síos agus tabhair míniú ar fhoirmiú na próifíle ithreach a thaispeántar thuas.

**Trí Chur Síos/Mhíniú @3m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Ní mór d'Fhorbairt amháin ar a laghad a bheith ina mhíniú.**

(ii) Ainmnigh an cineál ithreach is coitianta in Éirinn.

**Ithir ainmnithe @1m** Ithir dhonn

**Iomlán = 10m**

**Ceist 4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**4A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach**

Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Agus tagairtí eangaí sé fhigiúr á n-úsáid agat, aimsigh suíomh oiriúnach faoi choinne monarcha nua sa limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

**Tagairt Eangaí Bailí @ 1m**

(ii) Mínigh **trí** chúis a mbeadh an áit seo oiriúnach mar shuíomh agus fianaise ón léarscáil agat mar thaca le gach cúis.

**Trí mhíniú @ 3m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Fianaise 1)**

D'fhéadfadh dea-rochtain ar bhóithre, gar don bhaile i gcomhair oibrithe etc. a bheith i gceist leis na cúiseanna.

**Iomlán = 10m**

**4B. Uisciú**

(i) Luaigh cad a chiallaíonn an téarma *uisciú.*

**Ráiteas @ 2m**

(ii) Déan cur síos ar iarmhairt dhearfach **amháin** agus ar iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhaineann le scéim uiscithe ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**Dhá Chur Síos @ 4m an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Bronn marc forbartha amháin as scéim uiscithe a ainmniú.**
**Má tá an scéim uiscithe a ainmníodh neamhbhailí ná bronn ach marcanna Ráitis.**

Cuardaigh tagairt d'Ard-Damba Aswan, Tionscadal an Ghleanna Láir etc.

**Iomlán = 10m**

**4C. Turasóireacht**

Déan staidéar ar an tábla thuas agus tabhair freagra ar gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad é an raon teochta bliantúil in Costa del Sol?

**Freagra @ 2m** 14°C

(ii) Ríomh an meánfhliuchrais le linn na dtrí mhí Feabhra, Márta agus Aibreán.

**Freagra @ 2m** 58 mm

(iii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil Meitheamh, Iúil agus Lúnasa ina míonna tarraingteacha do thurasóirí faoi choinne cuairt a thabhairt ar limistéir cosúil le Costa del Sol.

**Dhá Mhíniú @ 3m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Fianaise 1)**

**Marc fianaise le bronnadh nuair a úsáidtear faisnéis ón tábla.**
**D'fhéadfadh faisnéis ón tábla a bheith ina ráiteas nó ina sonraí.**

**Iomlán = 10m**

**Ceist 5. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF**

**5A.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** atá tugtha leis an bpáipéar seo.


Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar aerfótagraf.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Séipéal
- Carrchlós
- Páirc spóirt
- Dhá shráid a bhuaileann le chéile.

**Ceithre ghné taispeánta agus lipéadaithe @ 2m an ceann.**

**Fráma agus Treoshuíomh @ 2m (1 + 1)**




**Iomlán = 10m**

**Tá an sracléarscáil thuas chun críche léirithe amháin.**

**5B**. Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **dhá** chúis nach bhfuil lonnaíocht ann lastuaidh de Thuaidhlíne 73 agus laistiar d'Oirlíne 08. Úsáid fianaise ón léarscáil mar thaca le gach cúis.

**Dhá Mhíniú @ 4m an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Fianaise 1)**

Caithfidh baint a bheith ag na cúiseanna le thuaidhlíne 73 agus siar ó oirlíne 08 agus d'fhéadfadh ceantar sléibhtiúil, fánaí géara, easpa mórbhóithre, easpa seirbhísí etc. a bheith i gceist leo.

**Iomlán = 8m**

**5C**. Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis a dtarraingeofaí turasóirí go dtí an áit a dtaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus fianaise ón léarscáil agat mar thaca le gach cúis.

**Trí Mhíniú @ 4m an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Fianaise 1)**

D'fhéadfadh chun féachaint ar sheaniarsmaí, conairí siúil, spóirt uisce, gailf etc. a bheith sna cúiseanna.

**Iomlán = 12m**